Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**Tá iarratais á lorg ó dhaoine atá cáilithe go cuí le bheith curtha ar phainéil le haghaidh na post seo a leanas ónar féidir folúntais Bhuana agus/nó Shealadacha a thagann chun cinn le linn shaolré na bpainéal a líonadh:**

# *1. MÁISTIR AN CHUAIN – ÁRAINN*
# *2. MÁISTIR AN CHUAIN – INIS OÍRR*

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí ábhartha acu le haghaidh phost Mháistir an Chuain. Agus an fhoirm iarratais á comhlánú agat, beidh ort painéal a roghnú ón liosta thíos. Is é sin an painéal ar mhian leat go gcuirfí thú san áireamh lena aghaidh. Is féidir leat roghnú go gcuirfí thú san áireamh le haghaidh Cuain amháin nó le haghaidh an dá cheann acu.

- **Árainn** - Cé go mbaineann príomhfhreagracht Mháistir an Chuain le Cuan Chill Rónáin, beidh freagracht aige/aici i dtaobh maoirseacht a dhéanamh ar oibríocht shásúil Sheanchuan Chill Rónáin agus Chuan Chill Éinne.

- **Inis Oírr** - Cé go mbaineann príomhfhreagracht Mháistir an Chuain le Cuan Inis Oírr, beidh ról aige/aici i dtaobh oibríocht shásúil chéanna Chéibh an Chóra agus an Chalaidh Mhóir in Inis Meáin a chinntiú. Is beag an bhaint a bheidh ag ról Mháistir an Chuain i gcás ghníomhaíochtaí Inis Meáin, agus is in Inis Oírr a bheidh ceanncheathrú na n-oibríochtaí i gcónaí.

**<u>Ní mór, i gcás gach Iarrthóra, ar an dáta is déanaí chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a fháil:</u>**

- Go mbeadh caighdeán oideachais ag an iarrthóir a chuirfeadh ar a gcumas a ndualgais a dhéanamh go héifeachtúil. Ní mór go mbeadh sé ar a gcumas acu tuarascálacha

sásúla a dhéanamh (lena n-áirítear tuarascálacha scríofa) maidir le cúrsaí a bhaineann le dualgais an phoist.

- Go mbeadh taithí ilfheidhmeach chuí acu a bhfuil baint aici leis an bpost, agus ní mór go mbeadh taithí acu i gcáil maoirseachta agus iad ag déileáil le hoibrithe oilte agus neamhoilte araon.

- Go mbeadh eolas maith acu ar bhainistiú Cuain, agus gur leor an t-eolas sin le gur féidir leis/léi dualgais an phoist a chomhlíonadh go héifeachtúil. Ba cheart go n-áireofaí leis sin, eolas maidir le longseoireacht áitiúil, sruthanna taoide, réamhaisnéisiú na haimsire, gnó iascaireachta áitiúil, oibríochtaí fanáin agus muiríne.

- Go mbeadh siad inniúil ar ríomhairí agus eolas oibríochtúil acu ar ríomhphost, ar próiseáil focal, ar scarbhileoga, ar chórais airgeadais etc.

- Ní mór, i gcás gach Iarrthóra, ar an dáta is deireanaí chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar ais;

    - Go mbeadh taithí bliana acu i ról Mháistir an Chuain

      Nó

    - Go mbeadh Deimhniú Inniúlachta Scipéara Iomlán acu

      Nó

    - Go mbeadh taithí trí bliana acu ar árthach iascaireachta nó árthach mara eile a oibriú

      Nó

    - Go mbeadh aon taithí eile acu atá ar comhchaighdeán leis an bpost

    - Tá sé riachtanach go mbeadh eolas ag na hiarrthóirí ar an nGaeilge.

- Go mbeadh Ceadúnas Tiomána Aicme B glan agus bailí acu.

**INMHIANAITHE**

Go hídéalach, beidh dea-theist chruthaithe ar an iarrthóir san earnáil mhara. Sa chás go gcomhlíontar na riachtanais éigeantacha, tabharfar tús áite do dhaoine a bhfuil cáilíochtaí muirí gairmiúla acu a eisíodh/a athdheimhníodh le blianta beaga anuas.

**Tuarastal: €914.82 - €1,077.37 in aghaidh na seachtaine**

Féadfaidh sé go gcuirfear iarrthóirí ar ghearrliosta le haghaidh agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil leis an bhfoirm iarratais.

Tá foirmeacha iarratais agus tuilleadh sonraí maidir leis an bpost sin ar fáil ar ár suíomh gréasáin, nó is féidir iad a fháil trí theagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Acmhainní Daonna, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh — Teil; 091 509303, ríomhphost hr@galwaycoco.ie.

Is é an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar ais ná **4.00 p.m.ar Déardaoin, an 26 Márta 2026.**

**E. Ruane, Stiúrthóir Seirbhísí**

**IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA Í COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE**